Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**13468/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0314 (NLE)**

**AVIATION 131**
**ICAO 46**
**RELEX 1259**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh (AE) 2023/746 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena raon feidhme agus lena thréimhse cur i bhfeidhm agus leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 622 final.

Faoi iamh: COM(2025) 622 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.10.2025
COM(2025) 622 final

2025/0314 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh (AE) 2023/746 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena raon feidhme agus lena thréimhse cur i bhfeidhm agus leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le leasú ar Chinneadh (AE) 2023/746 ón gComhairle[1] de bhun Airteagal 7, mír 3, a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

– síneadh breise a chur lena chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2028.

– liosta na nIarscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ('Coinbhinsiún Chicago') a leasú trí Iarscríbhinn 13 — *Aircraft Accident and Incident Investigation [Imscrúdú Tionóiscí agus Teagmhas Aerárthaí]*;

– an raon feidhme a leasú trí fhógra a thabhairt faoi dhifríochtaí a bhaineann le Cleachtais Mholta i réimsí na nIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago de bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago agus i bhfianaise rún A39-22 ó Thionól EESI faoi shainchúram an Chinnidh ón gComhairle, mar fhreagairt ar na Litreacha Stáit arna seoladh ag EESI, ina n-iarrtar ar a Stáit Chonarthacha fógra a thabhairt faoi aon difríocht leis na Caighdeáin agus na Cleachtais Mholta ('SARPanna') arna nglacadh;

– an raon feidhme a leasú chun bunú na seasamh a bheidh le glacadh nuair a fhormheasfaidh Comhairle EESI Nósanna Imeachta nua maidir le Seirbhísí Aerloingseoireachta (PANS) nó leasuithe orthu, ar dócha go mbeidh tionchar cinntitheach acu ar ábhar dhlí an Aontais;

– an raon feidhme a leasú chun bunú seasamh a chumhdach a bheidh le glacadh i ndáil le formheas ag Comhairle EESI ar leasuithe nó ar eagráin nua de Threoracha Teicniúla maidir le hIompar Sábháilte Earraí Contúirteacha d'Aer (ICAO 9284) dá dtagraítear faoi Iarscríbhinn 18 — *Safe Transport of Dangerous Goods by Air [Iompar Sábháilte Earraí Contúirteacha d'Aer]* a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

### 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

#### 2.1. Coinbhinsiún Chicago

Bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI) le Coinbhinsiún Chicago ('Coinbhinsiún Chicago' nó 'an Coinbhinsiún'), a síníodh in 1944 agus a tháinig i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947. Is páirtithe conarthacha iad Ballstáit uile an Aontais Eorpaigh ('Ballstáit an Aontais') sa Choinbhinsiún sin agus, dá bhrí sin, is comhaltaí de EESI iad. Tá stádas breathnóra ag an Aontas i gcomhlachtaí áirithe EESI agus thug sé Meabhrán Comhair i gcrích le EESI lena soláthraítear creat le haghaidh comhar feabhsaithe i réimsí na sábháilteachta eitlíochta, na slándála eitlíochta, an bhainistithe aerthráchta, chosaint an chomhshaoil agus acmhainneacht a fhothú, cúnamh teicniúil agus tacaíocht cur chun feidhme[2].

[1] Cinneadh (AE) 2023/746 ón gComhairle an 28 Márta 2023 lena mbunaítear na critéir agus an nós imeachta chun an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a bhunú a mhéid a bhaineann le caighdeáin idirnáisiúnta agus cleachtais mholta idirnáisiúnta a ghlacadh, nó a leasú, agus maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí i ndáil le caighdeáin idirnáisiúnta arna nglacadh (IO L 99, 12.4.2023, lch. 7).

[2] Cinneadh (AE) 2011/530 ón gComhairle an 31 Márta 2011 maidir le Meabhrán Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta lena ndéantar foráil do chreat le haghaidh

Tá 96 airteagal i gCoinbhinsiún Chicago lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail lena rialaítear EESI. Tacaítear leis le 19 nIarscríbhinn ina bhfuil Caighdeáin agus Cleachtais Mholta a leasaítear go rialta.

### 2.2. An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta

Glacann EESI caighdeáin idirnáisiúnta maidir leis an eitlíocht shibhialta, go háirithe maidir leis an sábháilteacht eitlíochta, an aerloingseoireacht agus an bainistiú aerthráchta, an comhshaol, an tslándáil eitlíochta, an fhorbairt eacnamaíoch san aeriompar, i gcearta paisinéirí agus san éascú. Cumhdaítear na hábhair sin leis na forálacha arna nglacadh ar bhonn an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus tagann siad faoi réimse dlí a chumhdaítear den chuid is mó le rialacha an Aontais. Tá sé d’aidhm ag an Aontas comhsheasmhacht a áirithiú leis na caighdeáin idirnáisiúnta i réimse na heitlíochta sibhialta

### 2.3. Na gníomhartha atá beartaithe ag Comhairle EESI a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu san Aontas

Mar cheann de dhá chomhlacht rialaithe EESI, tugann Comhairle EESI treo leanúnach d’obair EESI. Tagann Comhairle ESSI le chéile roinnt uaireanta sa bhliain.

De réir Airteagal 54(l) de Choinbhinsiún Chicago, glacann Comhairle EESI Caighdeáin Idirnáisiúnta agus Cleachtais Mholta, ainmníonn sí iad mar Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago agus cuireann sí na Stáit Chonarthacha ar fad ar an eolas faoin ngníomhaíocht atá déanta. Breithneoidh Comhairle EESI freisin moltaí ón gCoimisiún Aerloingseoireachta chun na hIarscríbhinní a leasú i gcomhréir le hAirteagal 54(m). De réir Airteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago, tá gá le vóta dhá thrian ó Chomhairle EESI chun go nglacfaidh an Chomhairle Iarscríbhinní nó chun aon leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn.

Thairis sin, de réir Airteagal 37 de Choinbhinsiún Chicago, glacfaidh agus leasóidh EESI ó am go ham, de réir mar is gá, Caighdeáin idirnáisiúnta agus Cleachtais agus Nósanna Imeachta Molta a bhaineann le córais chumarsáide agus áiseanna aerloingseoireachta, mar shampla, agus le rialacha na gcleachtas rialaithe aerthráchta agus na gcleachtas rialaithe aerthráchta agus cibé ábhair eile a bhaineann le sábháilteacht, rialtacht agus éifeachtúlacht na haerloingseoireachta de réir mar is cosúil a bheith iomchuí ó am go ham.

## 3. AN SEASAMH A GHLACFAR THAR CEANN AN AONTAIS

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag seisiúin Chomhairle EESI i ndáil le Caighdeáin agus Cleachtais Mholta nua a ghlacadh, Nósanna Imeachta le haghaidh Seirbhísí Aerloingseoireachta agus Treoracha Teicniúla a fhormheas nó leasuithe orthu, tá sé beartaithe é a bhunú de réir cur chuige dhá shraith. Ar an gcéad dul síos, le Cinneadh (AE) 2023/746 ón gComhairle, a leasófar, bunaítear na critéir agus an nós imeachta chun seasamh an Aontais a bhunú sa Chomhairle. Sa dara céim, déanfaidh an Coimisiún an seasamh mionsonraithe le haghaidh gach seisiúin de Chomhairle EESI a tharchur chuig an gComhairle, i bhfoirm doiciméid i scríbhinn, lena phlé agus lena fhormheas. Molfaidh an Coimisiún an seasamh mionsonraithe sa doiciméad i scríbhinn bunaithe ar na treoirphrionsabail agus ar na treoshuíomhanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh leasaithe.

comhar feabhsaithe a shíniú, thar ceann an Aontais, agus a chur i bhfeidhm go sealadach (IO L 232, 9.9.2011, lgh. 1).

Rachaidh Cinneadh (AE) 2023/746 ón gComhairle in éag an 31 Nollaig 2025. Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 7, mír 3, cuireann an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle chun síneadh a chur lena chur i bhfeidhm agus molann sé é a leasú chun leanúnachas a áirithiú agus chun a áirithiú go gcaithfear go comhleanúnach leis na saincheisteanna ábhartha faoi Choinbhinsiún Chicago ar leibhéal an Aontais.

Go háirithe, ceadaítear le rialacha inmheánacha EESI idir 10 lá agus 24 uair an chloig roimh sheisiún Chomhairle EESI (ag brath ar chineál na ndoiciméad) chun doiciméid a chur isteach. Is ag an bpointe sin, agus ag an bpointe sin amháin atá gach aighneacht ar fáil agus gur féidir leis an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar na doiciméid d'fhonn seasamh an Aontais a ullmhú maidir leis na hábhair a bhaineann le hinniúlacht an Aontais atá le plé agus a bhfuil cinneadh le déanamh ina leith ag Comhairle EESI. Leis an tréimhse ama idir infhaighteacht doiciméad agus tús sheisiún Chomhairle EESI, féadfar ullmhúchán agus glacadh tráthúil sheasamh an Aontais arna bhunú ag Cinnidh ón gComhairle a cheanglaítear le hAirteagal 218(9) CFAE a chur i mbaol.

Chun a áirithiú go bhfuil an tAontas in ann cuidiú níos solúbtha a thabhairt maidir le próiseas glactha EESI, ba cheart an fheidhm chéanna a bheith ag an bpróiseas dhá shraith feidhmithe maidir le fógra míshástachta de réir Airteagal 90 agus maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí i gcomhréir le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago. Leis an leasú atá beartaithe, déanfar an Cinneadh ón gComhairle a leathnú chun fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí do Chleachtais Mholta maidir le sábháilteacht eitlíochta agus aerloingseoireacht.

***Fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí do Chleachtais Mholta maidir le sábháilteacht eitlíochta agus aerloingseoireacht***

Ghlac gach Stát Conarthach EESI, lena n-áirítear Ballstáit an Aontais, Rún A39-22 ón Tionól i réimse na sábháilteachta eitlíochta agus na haerloingseoireachta. Tá sé socraithe ag Comhthionól EESI gur cheart don Chomhairle a áitiú ar na Ballstáit fógra a thabhairt do EESI faoi aon difríochtaí atá ann idir a rialacháin agus a gcleachtais náisiúnta agus forálacha SARPanna. Sonraítear é sin a thuilleadh i Lámhleabhar EESI maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí (EESI Doic. 10055).

Measann EESI go bhfuil sé tábhachtach fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí i ndáil le Cleachtais Mholta toisc go bhféadfadh eolas faoi dhifríochtaí ó Chleachtais Mholta a bheith tábhachtach freisin ar mhaithe le sábháilteacht, rialtacht agus éifeachtúlacht na haerloingseoireachta agus d'áitigh sé ar Stáit fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí ó Chleachtais Mholta de bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago[3]. Tabharfar faoi deara, faoi chuimsiú iniúchadh Chlár Uilíoch EESI um Iniúchadh ar Mhaoirseacht Sábháilteachta (USOAP) ar Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh a rinneadh i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2025, gur cinneadh nár tugadh fógra faoi dhifríochtaí a bhaineann le Cleachtais Mholta i réimse na sábháilteachta eitlíochta agus na haerloingseoireachta mar neamhchomhlíonadh na gcaighdeán idirnáisiúnta agus na gcleachtas agus na n-oibleagáidí molta a eascraíonn as an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta.

Dá bhrí sin, tá sé beartaithe Cinneadh (AE) 2023/746 ón gComhairle a leasú chun seasamh an Aontais a bhunú freisin a mhéid a bhaineann le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí do Chleachtais Mholta. De réir EESI, tagann an gá le fógra den sórt sin chun cinn go háirithe sna cásanna seo a leanas:

[3] 10055 -Lámhleabhar maidir le Fógra a thabhairt faoi Dhifríochtaí agus iad a Fhoilsiú, leathanach (v) agus roinn 1.3.

(a) mar fhreagairt ar Litir Stáit EESI ina n-iarrtar fógra difríochta de bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago agus i bhfianaise Rún A39-22 ón Tionól freisin;

(b) de bharr athruithe ar *acquis* an Aontais.

***Iarscríbhinn 13 — Imscrúdú Tionóiscí agus Teagmhas Aerárthaí***

Chun cur chuige uileghabhálach comhsheasmhach a sholáthar agus aghaidh á tabhairt ar ábhair a bhfuiltear ag déileáil leo agus atá faoi réir vóta ag Comhairle EESI i réimse na sábháilteachta eitlíochta agus na haerloingseoireachta, moltar go n-áireofar Iarscríbhinn 13 — *Tionóisc agus Imscrúdú Aerárthaí* sa leasú faoi raon feidhme an Chinnidh ón gComhairle. Tagann Iarscríbhinn 13 faoi inniúlacht an Aontais toisc go rialaítear léi gnéithe a thagann faoi raon feidhme roinnt píosaí de reachtaíocht an Aontais. Is tráthúil raon feidhme Chinneadh (AE) 2023/746 ón gComhairle a leathnú chun Iarscríbhinní uile Choinbhinsiún Chicago i réimse na sábháilteachta eitlíochta agus na haerloingseoireachta agus atá i rialacha sábháilteachta eitlíochta sibhialta an Aontais a chumhdach, i.e. ní hamháin i Rialachán 2018/1139[4], ach i rialacháin sábháilteachta eitlíochta eile freisin amhail Rialachán 376/2014[5] maidir le Tuairisciú Tarlaithe, Rialachán 996/201[6] maidir le hImscrúdú Tionóiscí, agus Rialachán 2111/2005[7] maidir le Liosta Aershábháilteachta an Aontais.

***Nósanna Imeachta le haghaidh Seirbhísí Aerloingseoireachta (PANS)***

Ina theannta sin, i gcásanna áirithe tagraítear go díreach do Nósanna Imeachta le haghaidh Seirbhísí Aerloingseoireachta (PANS) i reachtaíocht an Aontais. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh athruithe ar PANS, i gcásanna áirithe, tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais. Déanann Comhairle EESI, ar thogra ó Choimisiún Aerloingseoireachta ESSI, PANS nua nó a leasuithe a fhormheas de bhun Airteagal 37 de Choinbhinsiún EESI. I gcásanna inar dócha go mbeidh tionchar cinntitheach ag PANS ar ábhar dhlí an Aontais, bunófar seasamh ón Aontas le nós imeachta arna bhunú i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2023/746 ón gComhairle. Dá bhrí sin, moltar leasú i ndáil leis sin.

***Treoracha Teicniúla maidir le hIompar Sábháilte Earraí Contúirteacha***

---

4 Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle, IO L 212, 22.8.2018

5 Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún (IO L 122, 24.4.2014).

6 Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le tionóiscí agus teagmhais eitlíochta sibhialta a imscrúdú agus a chosc agus lena n-aisghairtear Treoir 94/56/CE (IO L 295, 12.11.2010, lch. 35).

7 Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2005 maidir le liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir cosc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal a bhunú agus maidir le paisinéirí aeriompair a chur ar an eolas faoi chéannacht an aeriompróra agus lena n-aisghairtear Airteagal 9 de Threoir 2004/36/CE (IO L 344, 27.12.2015).

Tá Treoracha Teicniúla maidir le hIompar Sábháilte Earraí Contúirteacha d'Aer (EESI 9284) faoi Iarscríbhinn 18 — *The Safe Transport of Dangerous Goods by Air [Iompar Sábháilte Earraí Contúirteacha d'Aer]* faoi réir tagairt dhíreach faoi Iarscríbhinn IV CAT.GEN.MPA.200 'Iompar earraí contúirteacha' de Rialachán 965/2012[8]. Dá bhrí sin, is dócha go mbeidh tionchar cinntitheach ag athrú ar Threoracha Teicniúla EESI ar ábhar reachtaíocht an Aontais maidir le hiompar earraí contúirteacha. Sna cásanna sin, bunófar seasamh ón Aontas le nós imeachta arna bhunú le Cinneadh (AE) 2023/746 ón gComhairle. Dá bhrí sin, moltar leasú iomchuí i ndáil leis sin.

De bhun Airteagal 7, mír 2, cuireadh an Tuarascáil ar chur i bhfeidhm Chinneadh (AE) 2023/746 ón gComhairle agus, go háirithe a éifeachtacht agus minicíocht a úsáide, faoi bhráid na Comhairle[9]. Chuir sé measúnú fianaise-bhunaithe ar fáil d'fhonn tuilleadh feabhais a chur ar phróisis an Aontais chun seasamh an Aontais a bhunú roimh na Ballstáit a bheidh ag plé ag Comhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta. Léirítear an anailís sin sa togra.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) CFAE déantar foráil maidir le Cinntí lena mbunófar 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú faoi thrácht[10].

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[11].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é EESI a bunaíodh de chomhaontú, eadhon Coinbhinsiún Chicago.

Na gníomhartha a iarrtar ar EESI a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Is amhlaidh atá toisc go bhfuil na Caighdeáin agus na Cleachtais Mholta (SARPanna) a ghlac EESI ceangailteach faoi Choinbhinsiún Chicago ach amháin má chláraíonn tromlach na Stát Conarthach míshástacht le Comhairle EESI (Airteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago). Ina theannta sin, a mhéid is féidir, ionchorpraítear SARPanna i ndlí an Aontais agus dá bhrí sin d'fhéadfadh leasuithe ar na Caighdeáin agus na Cleachtais Mholta sin tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais i réimse na heitlíochta sibhialta.

---

8 Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012).

9 Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Chinneadh (AE) 2023/746 ón gComhairle, WK 9372 2025

10 Cás C-399/12 An Ghearmáin v an Chomhairle (OIV), ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

11 Cás C-399/12 An Ghearmáin v an Chomhairle (OIV), ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61-64.

Thairis sin, ar thogra ó Choimisiún Aerloingseoireachta ICAO, formheasann Comhairle EESI PANS nua nó a leasuithe de bhun Airteagal 37 de Choinbhinsiún EESI. I gcásanna áirithe, is dócha go mbeidh tionchar cinntitheach ag athruithe ar PANS ar ábhar reachtaíocht an Aontais. Is amhlaidh atá toisc go dtagraítear go díreach do PANS i reachtaíocht an Aontais, is é sin i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún[12].

Is dócha go mbeidh tionchar cinntitheach ag formheas Chomhairle EESI na dTreoracha Teicniúla maidir le hIompar Sábháilte Earraí Contúirteacha d'Aer (ICAO 9284) faoi Iarscríbhinn 18 — *The Safe Transport of Dangerous Goods by Air[Iompar Sábháilte Earraí Contúirteacha d'Aer]*, i gcomhréir le hAirteagal 37 de Choinbhinsiún Chicago, ar ábhar reachtaíocht an Aontais maidir le hiompar earraí contúirteacha. Is é is cúis leis sin go bhfuil na Treoracha Teicniúla sin faoi réir tagairt dhíreach faoi Iarscríbhinn IV, roinn CAT.GEN.MPA.200 'Iompar earraí contúirteacha' de Rialachán 965/2012[13].

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218 (9) CFAE bunús dlí nós imeachta an Chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús substaintiúil dlí maidir le Cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó ceann de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó mar comhpháirt theagmhasach, ní mór an Cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Leis na gníomhartha atá beartaithe saothraítear cuspóirí agus tá comhpháirteanna iontu i réimse an chomhbheartais iompair.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 100(2) CFAE bunús substaintiúil dlí an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é Airteagal 100(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, an bunús dlí atá leis an gCinneadh ón gComhairle atáthar a bheartú.

---

[12] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais chomhchoiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra eile a bhaineann le bainistiú agus maoirseacht an aerthráchta, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 482/2008, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, (AE) Uimh. 1035/2011 agus (AE) 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011, IO L 62, 8.3.2017

[13] Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012).

2025/0314 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh (AE) 2023/746 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena raon feidhme agus lena thréimhse cur i bhfeidhm agus leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (‘Coinbhinsiún Chicago’) lena rialaítear aeriompar idirnáisiúnta, i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947. Bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (‘EESI’) leis.

(2) Is Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Chicago iad na Ballstáit, agus is Stáit Chonarthacha EESI iad, agus tá stádas breathnóra ag an Aontas Eorpach i gcomhlachtaí áirithe de chuid EESI. Tá ionadaithe ó shé Bhallstát i gComhairle EESI faoi láthair.

(3) De bhun Airteagal 37 de Choinbhinsiún Chicago, tá EESI le caighdeáin idirnáisiúnta agus cleachtais agus nósanna imeachta molta a ghlacadh agus a leasú a bhaineann, mar shampla, le córais chumarsáide agus áiseanna aerloingseoireachta, rialacha maidir le cleachtais rialaithe aerthráchta agus aerthráchta agus cibé ábhair eile a bhaineann le sábháilteacht, rialtacht agus éifeachtúlacht na haerloingseoireachta de réir mar is cosúil a bheith iomchuí ó am go ham.

(4) De bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, más dofheidhmithe d’aon Stát Conarthach EESI aon chaighdeán a chomhlíonadh go hiomlán, nó a rialacháin nó a chleachtais féin a chur i gcomhréir go hiomlán le haon chaighdeán tar éis leasú a dhéanamh ar an gcaighdeán sin, nó má mheasann sé é a bheith riachtanach rialacháin nó cleachtais a ghlacadh atá éagsúil ar aon dóigh leis na rialacháin nó na cleachtais arna mbunú le caighdeán, tabharfaidh an Stát sin fógra láithreach do EESI faoi na difríochtaí idir a rialacháin nó a chleachtais féin agus na cinn arna mbunú leis an gcaighdeán. Ní mór d’aon Stát nach ndéanann na leasuithe iomchuí ar a rialacháin nó ar a chleachtais féin fógra a thabhairt do Chomhairle EESI laistigh de 60 lá tar éis an leasú ar an gcaighdeán a ghlacadh, nó an ghníomhaíocht a bheartaíonn sé a dhéanamh a chur in iúl.

(5) De bhun Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, tá Comhairle EESI chun caighdeáin agus cleachtais mholta (SARPanna) idirnáisiúnta a ghlacadh, agus iad a ainmniú mar Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

(6) Na gníomhartha a iarrtar ar EESI a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo.

(7) Dá bhrí sin, is gá na critéir agus na nósanna imeachta a bhunú le haghaidh na seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle ESSI go dtí an 31 Nollaig 2028.

(8) Leanann sé ó chur i bhfeidhm na Rialacha Nós Imeachta do Chomhairle EESI (7559) go bhfuil na doiciméid atá le glacadh ag Comhairle EESI le cur ar fáil go gairid roimh gach ceann dá seisiúin. Is ag an bpointe a chuireann Comhairle EESI na haighneachtaí ar fad ar fáil, agus ag an bpointe sin amháin, gur féidir leis an gCoimisiún anailís chríochnúil a dhéanamh ar na doiciméid d'fhonn seasamh an Aontais a ullmhú maidir leis na hábhair a bhaineann le hinniúlacht an Aontais atá le plé agus le formheas ag an gComhairle roimh sheisiún Chomhairle EESI. Mar thoradh air sin, d'fhéadfaí ullmhú agus glacadh tráthúil Cinnidh ón gComhairle a cheanglaítear faoi Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a chur i mbaol.

(9) I ndáil leis sin, mar thoradh ar an nós imeachta a bunaíodh le Cinneadh (AE) 2023/746[14], bhí próiseas níos éifeachtúla ann agus cuireadh níos mó ama ar fáil le caitheamh ar shubstaint. Dá bhrí sin, ba cheart síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an Chinnidh sin go ceann timthriall tríbhliantúil eile de chuid EESI, eadhon go dtí an 31 Nollaig 2028.

(10) Leis an taithí a fuarthas ó Chinneadh (AE) 2023/746 a chur i bhfeidhm, thángthas ar roinnt neamhréireachtaí agus bearnaí a mhéid a bhaineann le Nósanna Imeachta nua le haghaidh Seirbhísí Aerloingseoireachta (PANS) a fhormheas, a eascraíonn go díreach i roinnt cásanna as leasuithe ar Chaighdeáin agus Cleachtais Mholta áirithe a thagann faoi raon feidhme an Chinnidh; gan fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí ó Chleachtais Mholta nó gan an raon feidhme a chúngú toisc nach raibh Iarscríbhinn 13 - *Aircraft Accident and Investigation [Tionóisc agus Imscrúdú Aerárthaí]* - a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago san áireamh, Iarscríbhinn a leasaíodh mar thoradh ar leasú ar Iarscríbhinn 6 a thagann faoin gCinneadh. Chun cur chuige uileghabhálach comhsheasmhach a sholáthar i leith phróiseas cinnteoireachta an Aontais roimh phlé Chomhairle EESI nó nuair a bheidh fógra á thabhairt faoi dhifríochtaí do EESI, ba cheart Cinneadh (AE) 2023/746 a leasú.

(11) Ba cheart an nós imeachta a bunaíodh le Cinneadh (AE) 2023/746 a leathnú chun leasuithe ar Iarscríbhinn 13 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago — *Tionóiscí agus Imscrúdú Aerárthaí*, a chumhdach, faoi réir coimircí áirithe. Is tráthúil raon feidhme Chinneadh (AE) 2023/746 a mhéadú chun Iarscríbhinní uile Choinbhinsiún Chicago i réimse na sábháilteachta eitlíochta agus na haerloingseoireachta a chumhdach. Baineann sé sin, go háirithe, le hIarscríbhinní Choinbhinsiún Chicago a léirítear i rialacha sábháilteachta eitlíochta sibhialta an Aontais agus ní hamháin i Rialachán 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15], ach freisin i

[14] Cinneadh (AE) 2023/746 ón gComhairle an 28 Márta 2023 lena mbunaítear na critéir agus an nós imeachta chun an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a bhunú a mhéid a bhaineann le caighdeáin idirnáisiúnta agus cleachtais mholta idirnáisiúnta a ghlacadh, nó a leasú, agus maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí i ndáil le caighdeáin idirnáisiúnta arna nglacadh (IO L 99, 12.4.2023, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/746/oj).

[15] Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE)

rialacháin sábháilteachta eitlíochta eile amhail Rialachán 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16], Rialachán 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] agus Rialachán 2111/2005.

(12) Ba cheart an nós imeachta a bhunaítear le Cinneadh (AE) 2023/746 a leathnú chuig Nósanna Imeachta nua le haghaidh Seirbhísí Aerloingseoireachta (PANS), ar dócha go mbeidh tionchar cinntitheach acu ar ábhar dhlí an Aontais mar gheall ar a dtagairtí sainráite i reachtaíocht an Aontais, chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú i leith rialacha lena dtugtar aghaidh ar réimse na haerloingseoireachta.

(13) Ba cheart an nós imeachta a bunaíodh le Cinneadh (AE) 2023/746 a leathnú freisin chuig cásanna ina n-iarrtar ar Chomhairle EESI eagráin nua de Threoracha Teicniúla maidir le hIompar Sábháilte Earraí Contúirteacha d'Aer (ICAO 9284) a fhormheas faoi Iarscríbhinn 18 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago — *The Safe Transport of Dangerous Goods by Air [Iompar Sábháilte Earraí Contúirteacha d'Aer]*. Tagraítear go díreach do na Treoracha Teicniúla sin i bpointe CAT.GEN.MPA.200 'Iompar earraí contúirteacha' d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún[18]. Mar gheall ar an tagairt dhíreach sin, is dócha go mbeidh tionchar cinntitheach ag aon athrú ar na Treoracha Teicniúla sin ar ábhar reachtaíocht an Aontais.

(14) Measann ESSI go bhfuil sé tábhachtach fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí a bhaineann le cleachtais mholta toisc go bhféadfadh eolas ar dhifríochtaí ó chleachtais mholta a bheith tábhachtach freisin ar mhaithe le sábháilteacht, rialtacht agus éifeachtúlacht na haerloingseoireachta. Neartaítear an breithniú sin a thuilleadh agus tacaítear leis le Rún A39-22 ó Thionól ESSI i réimse na sábháilteachta eitlíochta agus na haerloingseoireachta, a shonraítear i Lámhleabhar EESI maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí (ICAO 10055), lenar dhearbhaigh Stáit Chonarthacha uile EESI gníomhú dá réir.

(15) Faoi chuimsiú iniúchadh Chlár Uilíoch EESI um Iniúchadh ar Mhaoirseacht Sábháilteachta ('USOAP') ar GSEE a rinneadh i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2025, fuarthas amach nár comhlíonadh ceanglais USOAP mar gheall ar easpa fógartha maidir le difríochtaí a bhaineann le cleachtais mholta i réimse na sábháilteachta eitlíochta agus na haerloingseoireachta.

---

Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle, IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj).

16 Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún, IO L 122, 24.4.2014, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/376/oj).

17 Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le tionóiscí agus teagmhais san eitlíocht shibhialta a imscrúdú agus a chosc agus lena n-aisghairtear Treoir 94/56/CE (IO L 295, 12.11.2010, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/996/oj).

18 Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/965/oj).

(16) Dá bhrí sin, trí sheasamh an Aontais a chur san áireamh go sainráite a mhéid a bhaineann le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí a bhaineann le cleachtais mholta sa Mholadh ón gComhairle, ba cheart próiseas glactha an Aontais a bheith níos cuíchóirithe, níos comhsheasmhaí agus níos éifeachtúla agus tacú leis na Ballstáit agus iad ag comhlíonadh Rún A39-22 ó Thionól EESI i réimse na sábháilteachta eitlíochta agus na haerloingseoireachta.

(17) Ba cheart tuilleadh solúbthachta a lorg go comhpháirteach maidir le leasuithe ar Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, PANS nua agus eagráin nua de Threoracha Teicniúla a thagann faoi inniúlacht an Aontais ar dócha go mbeidh tionchar cinntitheach acu ar ábhar dhlí an Aontais, agus ar an gcaoi sin gur gá seasamh ón Aontas a fhoirmliú, go háirithe nuair a d'fhéadfaí clár oibre sheisiún de Chomhairle EESI a leasú go gairid sula dtarlóidh sé.

(18) Is é is cuspóir don togra seo tuilleadh feabhais a chur ar phróisis an Aontais maidir le cinnteoireacht ag na Ballstáit agus iad ag EESI. Is é is aidhm do na hathruithe atá beartaithe na cuspóirí sin a bhaint amach.

(19) Chun críocha chur chun feidhme an Chinnidh seo, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún, i gcomhréir le stádas breathnóra an Aontais, gníomhú i ndlúthchomhar le chéile i gcomhréir lena ndualgas maidir le comhar dílis.

(20) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2023/746 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (AE) 2023/746 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Cinneadh (AE) 2023/746 ón gComhairle an 28 Márta 2023 lena mbunaítear na critéir agus an nós imeachta chun an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a bhunú a mhéid a bhaineann le caighdeáin idirnáisiúnta agus cleachtais mholta idirnáisiúnta a ghlacadh, nó leasuithe orthu, treoracha teicniúla nua a fhormheas maidir le hiompar sábháilte earraí contúirteacha d'aer nó nósanna imeachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí i ndáil le caighdeáin idirnáisiúnta agus cleachtais mholta idirnáisiúnta arna nglacadh';

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (Comhairle EESI), nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin caighdeáin idirnáisiúnta agus cleachtais mholta idirnáisiúnta ('SARPanna') nua nó leasuithe ar SARPanna a ghlacadh i réimsí na sábháilteachta eitlíochta sibhialta, na haerloingseoireachta agus an bhainistithe tráchta a bhaineann le hIarscríbhinní 1, 2, 3, 4, 6, 8, 10, 11, 13, 14, 15, 18 agus 19 den Choinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ('Coinbhinsiún Chicago'), nó eagráin nua de Threoracha Teicniúla maidir le hIompar ('Treoracha Teicniúla') nó Nósanna Imeachta maidir le Seirbhísí Aerloingseoireachta ('PANS'), a mhéid a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis na SARPanna, Treoracha Teicniúla nó PANS sin de réir bhrí

Airteagal 218(9) CFAE, bunófar é i gcomhréir leis na critéir agus an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 2 den Chinneadh seo.';

(3) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de mhír 1 agus de phointe (a):

'1. I gcás ina nglacfaidh Comhairle EESI SARPanna nua nó leasuithe ar SARPanna nó i gcás ina bhformheasann sí PANS nua nó eagráin nua de Threoracha Teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 1, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(a) In am trátha agus ar a laghad mí amháin roimh dháta chruinniú Chomhairle EESI ina nglacfar SARPanna nua nó leasuithe ar SARPanna nó i gcás ina mbeidh PANS nua nó eagráin nua de threoracha teicniúla le formheas, doiciméad a chur faoi bhráid na Comhairle, lena phlé agus lena fhormheas, ina leagfar amach sonraí an dréachtsheasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais; in imthosca eisceachtúla, féadfar an amlíne sin a ghiorrú i gcás ina nglacfar SARPanna nua nó leasú go práinneach, nó i gcás ina gcuirfear teacht i bhfeidhm SARPanna ar fionraí go sealadach nó i gcás leasú nó i gcás formheas práinneach PANS nua nó eagrán nua de Threoracha Teicniúla, i gcás ina mbeidh téacs na ndréacht-SARPanna ábhartha nó leasuithe nó dréacht-PANS ábhartha nó dréacht d'eagrán nua de Theagaisc Theicniúla ar fáil níos lú ná mí roimh dháta chruinniú Chomhairle EESI i gcás ina mbeidh na SARPanna sin nó na leasuithe atá le glacadh nó na Treoracha Teicniúla sin le formheas. Féachfaidh an Coimisiún leis an doiciméad nó na dréacht-Treoracha Teicniúla a chur faoi bhráid na Comhairle gan moill mhíchuí agus in aon chás cúig lá ar a dhéanaí a bhfaighfear na dréachtleasuithe ar a dhéanaí 'na dréachtleasuithe nó na dréacht-Treoracha Teicniúla a fuarthas;';

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

*Airteagal 3*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in EESI a mhéid a bhaineann le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí i ndáil leis na caighdeáin idirnáisiúnta nua agus na cleachtais mholta atá in Iarscríbhinní 1, 2, 3, 4, 6, 8, 10, 11, 13, 14, 15, 18 agus 19 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, nó leasuithe orthu, de bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago agus i bhfianaise Rún A39-22 ó Thionól EESI, bunófar é de réir na gcritéar agus an nós imeachta a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5 den Chinneadh seo.';

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

*Airteagal 4*

I gcás ina bhfuil difríocht idir dlí an Aontais agus na caighdeáin idirnáisiúnta nó na cleachtais mholta dá dtagraítear in Airteagal 3 den Chinneadh seo agus go gceanglaítear dá bhrí sin fógra a thabhairt do EESI maidir leis na difríochtaí sin i gcomhréir le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago agus i bhfianaise Rún A39-22 ó Chomhthionól EESI, déanfaidh an Coimisiún, in am trátha agus ar a laghad 2 mhí roimh aon sprioc-am a shocróidh EESI chun fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí, doiciméad a chur faoi bhráid na Comhairle, lena phlé agus lena fhormheas, ar doiciméad é a bheidh bunaithe go háirithe ar an bhfaisnéis a sholáthróidh EASA i gcomhréir le hAirteagal 90(4) de Rialachán (AE) 2018/1139, i gcás inarb infheidhme, ina leagfar amach sonraí na ndifríochtaí a bhfuil fógra le tabhairt fúthu do EESI, agus i gcás inarb iomchuí, ina léirítear cén tsolúbthacht atá ar fáil do na Ballstáit a mhéid a bhaineann le foirm an fhógra.

Déanfaidh na Ballstáit uile, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, an seasamh atá le glacadh de bhun an Airteagail seo a chur in iúl';

(6) In Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mír 1:

'1. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Nollaig 2028.';

(7) Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Is iad Ballstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí de Chomhairle EESI, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, a chuirfidh in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 3.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*